**CINNEADH Ó CHOMHCHOISTE LEE Uimh. 251/2022**

**an 23 Meán Fómhair 2022**

**lena leasaítear Iarscríbhinn IX (Seirbhísí airgeadais) a ghabhann le Comhaontú LEE [2023/780]**

TÁ COMHCHOISTE LEE,

Ag féachaint don Chomhaontú ar an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ('Comhaontú LEE'), agus go háirithe Airteagal 98 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/551 ón gCoimisiún an 4 Aibreán 2022 lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/85 maidir leis an gcoibhéis idir ceanglais Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus creat rialála Stáit Aontaithe Mheiriceá i ndáil le contrapháirtithe lárnacha atá arna n-údarú agus arna maoirsiú ag Securities and Exchange Commission na Stát Aontaithe ([1]), tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(2) Dá bhrí sin, ba cheart Iarscríbhinn IX a ghabhann le Comhaontú LEE a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Cuirtear an méid seo a leanas isteach i bpointe 31bcaz (Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/85 ón gCoimisiún) d'Iarscríbhinn IX a ghabhann le Comhaontú LEE:

', arna leasú le:

— **32022 D 0551**: Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/551 ón gCoimisiún an 4 Aibreán 2022 (IO L 107, 6.4.2022, lch. 82 ).'

*Airteagal 2*

Is téacs barántúil a bheidh i dtéacs Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/551 san Íoslainnis agus san Ioruais, téacs atá le foilsiú i bhForlíonadh LEE d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an 24 Meán Fómhair 2022, ar choinníoll go mbeidh na fógraí uile faoi Airteagal 103(1) de Chomhaontú LEE tugtha *.

*Airteagal 4*

Foilseofar an Cinneadh seo i Roinn LEE, agus i bhForlíonadh LEE, d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 23 Meán Fómhair 2022.

*Thar ceann Chomhchoiste LEE*

*An tUachtarán*

Kristján Andri STEFÁNSSON

([1]) IO L 107, 6.4.2022, lch. 82.

(*) Ní shonraítear aon cheanglas bunreachtúil.